# Fógra Bailithe Sonraí i dtaobh an Phróisis Comhairliúcháin le haghaidh Chreat Cistiúcháin an Údaráis um Ard-Oideachas

**Cad is sonraí pearsanta ann agus cad is oibríocht próiseála sonraí pearsanta ann?**

Ciallóidh **sonraí pearsanta** aon fhaisnéis a bhaineann le duine nádúrtha sainaitheanta nó in-sainaitheanta (‘ábhar sonraí’). Is é is duine nádúrtha in-sainaitheanta ann duine is féidir a shainaithint, go díreach nó go hindíreach, go háirithe trí thagairt a dhéanamh d'aitheantóir amhail ainm, uimhir aitheantais, sonraí suímh, aitheantóir ar líne nó ceann amháin nó níos mó de thosca a bhaineann go sonrach le céannacht fhisiceach, fhiseolaíoch, ghéiniteach, mheabhrach, eacnamaíoch, chultúrtha nó shóisialta an duine nádúrtha sin.

Is é is **oibríocht próiseála sonraí pearsanta** ann aon oibríocht nó aon sraith d’oibríochtaí a dhéantar ar shonraí pearsanta nó ar shraitheanna de shonraí pearsanta, trí mhodhanna uathoibrithe nó trí mhodhanna eile, amhail bailiú, taifeadadh, eagrú, struchtúrú, stóráil, oiriúnú nó athrú, aisghabháil, ceadú, úsáid, nochtadh trí tharchur, trí scaipeadh nó trí chur ar fáil ar bhealach eile, ailíniú nó comhcheangal, srianadh, léirscriosadh nó díothú.

**Tuairisc ghairid ar an ngníomhaíocht próiseála**

Tá próiseas comhairliúcháin á sheoladh ag an Údarás um Ard-Oideachas (ÚAO) chun “creat cistiúcháin” a ullmhú agus a bhunú, mar a fhoráiltear dó le hAcht an Údaráis um Ard-Oideachas, 2022.

Foráiltear don mhéid seo a leanas le halt 37(2) d’Acht an Údaráis um Ard-Oideachas:

*“Déanfaidh an tÚdarás, le ceadú ón Aire, creat (dá ngairtear “creat cistiúcháin” san Acht seo [Acht an Údaráis um Ard-Oideachas, 2022]) a ullmhú agus a bhunú ó am go ham le haghaidh cistiú a leithdháileadh ar chomhlachtaí atá ag lorg cistiúcháin ar mhodh atá i gcomhréir le cuspóirí agus feidhmeanna an Údaráis [an ÚAO] dá bhforáiltear san Acht seo [Acht an Údaráis um Ard-Oideachas, 2022] agus de réir aon ordachán a thabharfaidh an tAire [an tAire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta] dó”.*

Foráiltear le halt 37(3) d’Acht an Údaráis um Ard-Oideachas go rachaidh an ÚAO i gcomhairle le comhlachtaí atá ag lorg cistiúcháin nó lena gcomhlachtaí ionadaíocha chun creat cistiúcháin a ullmhú agus a bhunú.

Is gá an ghníomhaíocht próiseála chun a chur ar chumas an ÚAO dul i dteagmháil le comhlachtaí atá ag lorg cistiúcháin nó lena gcomhlachtaí ionadaíocha chun creat cistiúcháin a ullmhú agus a bhunú, mar a fhoráiltear dó le hAcht an Údaráis um Ard-Oideachas, 2022.

HEA | AN tÚDARÁS um ARD-OIDEACHAS
HIGHER EDUCATION AUTHORITY

**Cé hé an Rialaitheoir Sonraí?**

Is é an tÚdarás um Ard-Oideachas an Rialaitheoir Sonraí. Comhlacht reachtúil a fheidhmíonn faoi Acht an Údaráis um Ard-Oideachas agus atá cuntasach don Aire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta is ea an tÚdarás um Ard-Oideachas (ÚAO). Tá an ÚAO lonnaithe ag:

**3 Áras Shíol Bhroin, Ascaill Crampton,**
**Bóthar Shíol Bhroin, Droichead na Dothra,**
**Baile Átha Cliath 4, Éire**
**D04 C2Y6**

Tá na mionsonraí teagmhála don ÚAO mar a leanas:

| | |
|---|---|
| **Fón:** | **+353 1 231 7100** |
| **Uimhir Íosghlao:** | **1890 200 637** |
| **Facs:** | **+353 1 231 7172** |
| **Ríomhphost:** | **info@hea.ie** |

Is féidir teagmháil a dhéanamh le hOifigeach Cosanta Sonraí an ÚAO ag an seoladh poist thuas trí "Faoi bhráid: An tOifigeach Cosanta Sonraí" a scríobh ar aon chumarsáidí nó trí ríomhphost a sheoladh chuig dataprotection@hea.ie

**Cé na sonraí pearsanta a bhailítear?**

Is mar a leanas atá na sonraí pearsanta a bhailítear chun críocha an phróisis comhairliúcháin le haghaidh Chreat Cistiúcháin an ÚAO:

- Ainm agus seoladh ríomhphoist an fhreagróra
- Ainm na heagraíochta a ndéanann an freagróir aighneacht ar a son agus ról an fhreagróra san eagraíocht
- Dearbhú ón bhfreagróir go bhfuil sé/sí údaraithe chun aighneacht a dhéanamh thar ceann na heagraíochta

**Cé na daoine a bhfuil rochtain acu ar shonraí pearsanta ábhar sonraí agus cé na daoine a bhféadfar iad a nochtadh dóibh?**

Líon teoranta ball foirne de chuid an ÚAO a bheidh i mbun aighneachtaí a fhaightear a athbhreithniú agus a bhreithniú, is féidir go mbeidh rochtain acu ar na sonraí pearsanta de réir mar is gá, amhail nuair is gá dul i dteagmháil le freagróir chun soiléirithe a fháil.

Ní nochtfar do thríú páirtithe na sonraí pearsanta a bhailítear.

**Cá bhfuaireamar do shonraí pearsanta?**

Baileofar na sonraí pearsanta ó fhreagróirí trí cheistneoir ar líne.

**Cén chríoch ar chuici atá do shonraí pearsanta á bpróiseáil agus cén bunús dlí atá le déanamh amhlaidh?**

Is gá an phróiseáil chun comhlíonadh a dhéanamh ar an oibleagáid dhlíthiúil atá ar an ÚAO dul i gcomhairle le comhlachtaí atá ag lorg cistiúcháin nó lena gcomhlachtaí ionadaíocha chun creat cistiúcháin a ullmhú agus a bhunú, mar a fhoráiltear dó le halt 37(3) d'Acht an Údaráis um Ard-Oideachas.

Is é Airteagal 6(1)(a), toiliú, an bunús dlí leis na sonraí pearsanta a bhailiú.

**Cá fhad a choinneoimid do shonraí?**

Coinneoimid do shonraí ar feadh na tréimhse is gá chun creat cistiúcháin an ÚAO a thabhairt chun críche. Measfar creat cistiúcháin an ÚAO a bheith tugtha chun críche nuair a bheidh sé ceadaithe ag an Aire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta.

**Cé na cearta atá agat maidir le do shonraí?**

Tá sé de cheart agat do shonraí pearsanta a rochtain agus a iarraidh go gceartófaí do shonraí pearsanta, má tá na sonraí sin míchruinn nó neamhiomlán; nuair is infheidhme, tá sé de cheart agat a iarraidh go gcuirfí srian leis an bpróiseáil, agóid a dhéanamh in aghaidh na próiseála, cóip a iarraidh de na sonraí pearsanta a shealbhaíonn an rialaitheoir sonraí fút, nó a iarraidh go léirscriosfaí na sonraí sin. Má tá an phróiseáil bunaithe ar do thoiliú, tá sé de cheart agat an toiliú sin a tharraingt siar tráth ar bith, gan difear a dhéanamh do dhlíthiúlacht na próiseála atá bunaithe ar do thoiliú roimh a tharraingt siar. Is gan moill mhíchuí agus, in aon chás, laistigh de mhí amháin a dhéileálfar leis an iarraidh uait ceann amháin de na cearta thuas a fheidhmiú.

Ní úsáidfimid cinnteoireacht uathoibrithe choíche ar do shonraí pearsanta.

**Mionsonraí teagmhála le haghaidh ceisteanna maidir le do shonraí pearsanta**

Seol aon cheisteanna chuig dataprotection@hea.ie.

Tá sé de cheart agat gearán a thaisceadh leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí (dataprotection.ie).